

2020

Tuarascáil Bhliantúil

LUACHANNA

Misean

Rannchuidiú le timpeallacht rialála láidir a bheith ag Éirinn inar féidir gnó a dhéanamh ach maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú airgeadais, iniúchadh agus rialáil éifeachtach ardcháilíochta ar ghairm na cuntasaithe chun leas an phobail agus an méid sin a chur chun cinn.

Trédhearcacht
agus
cuntasacht

Leas poiblí

Neamh-
spleáchas

Sláine

Tiomantas

Cothroime
agus

Éifeachtacht
agus
éifeachtúlacht

Snáitheanna agus Straitéisí



Snáithe 1: Rialáil

Maoirseacht ar Ghairm na hIniúcháireachta agus na Cuntasáíochta

Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais

Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúcháireachta d'Iniúchtaí ELP Forfheidhmiú



Snáithe 2: Ardchaighdeán a chur chun cinn

Caighdeán agus Beartas Maoirseacht ar Ghairm na hIniúcháireachta agus na Cuntasáíochta

Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais
Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúcháireachta d'Iniúchtaí ELP Forfheidhmiú

Airgeadas agus Riarachán



Snáithe 3: Ár dtionchar a uasmhéadú

Caighdeán agus Beartas Maoirseacht ar Ghairm na hIniúcháireachta agus na Cuntasáíochta

Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais
Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúcháireachta d'Iniúchtaí ELP Forfheidhmiú

Airgeadas agus Riarachán
Forbairt Eagraíochtúil

Fúinne



41,229

comhalta de chomhlachtaí cuntasáochta
forordaithe (CCFanna) sa ghnó agus sa chleachtas



1,155

gnólacht iniúcháireachta
reachtúil in Éirinn




91

eisitheoir aitheanta faoin lucht scrúdaithe um



8

CCFanna maoirsithe, a bhfuil 5 cinn díobh ina
gcomhlachtaí cuntasáochta aitheanta freisin



8

ngnólacht iniúcháireachta




Glacann ÚMICÉ caighdeáin maidir le
hiniúcháireacht, le heitic ghairmiúil agus rialú
cáilíochta inmheánach le haghaidh iniúcháirí
reachtúla

Buaicphointí



Snáithe 1: Rialáil



8

Rinneadh
cigireacht ar 8
ngnólacht
iniúchóireachta
ELP



4

athbhreithniú
maoirseachta
théamúla déanta
ar CCAnna



47

ftuarascáil
airgeadais
scrúdaithe



1

chomhaontú
socráochta
forfheidhmiúcháin



Snáithe 2: Ardchaighdeán a chur chun cinn



Athbhreithniú ar
Chaighdeán Eiticiúil
d'Iniúcháirí (Éire)



5

fhoilseachán
théamacha ar
thuairisciú airgeadais
agus iniúchóireacht



1st

Foilseachán céaduaire
ar thuarascálacha
cigireachta ELP



Snáithe 3: Ár dtionchar a uasmhéadú



Óstáladh coiste
faisnéise
iniúchóireachta am
bricfeasta



4

fhoilseachán um
thuairisciú airgeadais



Bunaíodh aonaid
forbartha eagraíochtúla



Caibidil 2

Caighdeáin agus Beartas

Caibidil 2: Caighdeán agus Beartas



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Caighdeán agus Beartais:

- caighdeán iniúchóireachta, eiticíúla, agus rialaithe cáilíochta a ghlacadh maidir le hiniúchóireacht reachtúil in Éirinn;
- cibé treoir agus caighdeán dearbhaithe a eisiúint a mheasann an tÚdarás is cuí; agus
- rannchuidiú le forbairt bheartas an Údarais ar ábhair rialála agus eile.

2. Forbairtí suntasacha

Ghlac ÚMICÉ dhá cheann déag de Chaighdeán Idirnáisiúnta athbheithnithe maidir le hiniúchóireacht (Éire) le linn na bliana. Mar chuid díobh sin, áirítear Caighdeán Idirnáisiúnta um Rialú Cáilíochta (CIRC) (Éire) 1 – *Quality Control for Firms that Perform Audits and Reviews of Financial Statements, and Other Assurance and Related Services Engagements* [Rialú Cáilíochta do Ghnólaigh a Fheidhmíonn Iniúchtaí agus Athbheithnithe ar Ráitis Airgeadais, agus Fostaíochtaí Dearbhaithe agus Seirbhísí Gaolmhara Eile], agus Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (CII) (Éire) 315 – *Identifying and Assessing the Risks of Material Misstatement* [Rioscaí a bhaineann le Míráiteas Ábhartha a Shainaithint agus a Mheasúnú]. Tá liosta iomlán de na caighdeán athbheithnithe a eisíodh le linn na bliana leagtha amach i bhFoscábhinn 5.

Buaicphointe de chuid 2020 ba ea an t-athbheithniú ar an gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí (Éire). Ceapadh na hathruithe ar an gcaighdeán chun an cháilíocht iniúchóireachta a fheabhsú agus feabhas a chur ar mhuinín an phobail san iniúchóireacht in Éirinn. Ar na hathruithe tá:

- simpliú chun cuidiú le hiniúcháirí tuiscint níos fearr a fháil ar na ceanglais eiticíúla agus chun go mbeidh leibhéal níos airde comhlíonta mar thoradh air sin
- toirmisc ar earcaíocht nó seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí a sholáthar d'eintiteas iniúchta, nó gníomhú mar an t-abhcóide ginearálta dá chuid
- ceanglas ar iniúcháirí sárúithe ar an gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí (Éire) a thuairisciú do ÚMICÉ ar bhonn bliantúil ar a laghad le haghaidh iniúchtaí ELP agus don CCA iomchuí do na hiniúchtaí uile eile
- ceanglas chun tuairisciú a dhéanamh ar aon sárúithe a bhaineann le hiniúchadh sonrach dóibh sin a chúisítear i rialachas an eintitis iomchuí

Tá an caighdeán iomchuí éifeachtach le haghaidh iniúchtaí ar ráitis airgeadais le haghaidh na dtréimhsí dar tús an 15 Iúil 2021 nó ina dhiaidh sin, agus tá glacadh luath ceadaithe.

Le linn 2020, lean ÚMICÉ de bheith ag plé go gníomhach le piaraí, páirtithe leasmhara agus lucht socraithe caighdeán, lena n-áirítear trí bhreathnóireacht a dhéanamh ar chruinnithe Chomhairle Iniúchóireachta agus Dearbhaithe CTA, rannchuidiú le freagra CCEFI ar roinnt comhairliúcháin idirnáisiúnta ar chaighdeán mholta, agus a bharúlacha féin a eisiúint ar chaighdeán mholta i gcás inar cuí sin. Rannchuidigh an tÚdarás le hobair an Ghrúpa Athbheithnithe Dlí Cuideachtaí (GADC) (an comhlacht comhairleach neamhspleách don Roinn maidir le hábhair dhlí na gcuideachtaí) trí chomhaltas an Phríomhfheidhmeannaigh.

Coimre de Thuarascálacha Léiritheacha an Iniúcháir

Príomh-aschur d'iniúchadh reachtúil is ea tuarascáil iniúcháir agus tá sé mar phríomhchuspóir iniúcháir tuairim a nochtadh go soiléir ar na ráitis airgeadais tríd an tuarascáil i scríbhinn sin. In 2020, d'eisigh ÚMICÉ '[An Choimre de Thuarascálacha Léiritheacha an Iniúcháir](#)' le samplaí ó ocht gcinn de thuarascálacha iniúcháir a eisíodh go coitianta. Tuarascálacha iniúcháir is ea iad sin ar ráitis airgeadais de chuid cuideachta phríobháideach, grúpa príobháideach, micrea-chuideachta, comhpháirtíocht cháilitheach, cumann tionscail nó coigiltis, cara-chumainn, agus ar ráitis airgeadais athbheithnithe agus ghiorraithe.

Forbraíodh an choimre le gasra oibre agus comhairle ó Phainéal Comhairleach Teicniúil ÚMICÉ, i dteannta ionchur teicniúil ó roinnt gnólaigh iniúchóireachta. Tá sí beartaithe chun uirlis tagartha úsáideach a sholáthar d'iniúcháirí. Léirítear léi, chun tairbhe d'iniúcháirí, conas is féidir ceanglais na gcaighdeán iniúchóireachta iomchuí a chur chun feidhme agus tuarascálacha iniúcháir a ndréachtú d'eintitis de chuid na hÉireann.

Ar ndóig, ba cheart d'iniúcháirí an tuarascáil iniúchóireachta a chur in oiriúint do na himthosca tuairisciúcháin sonracha, agus féadfar cuir chuige eile a ghlacadh ar choinníoll go bhfuil foirm agus inneachar na tuarascála i gcomhréir le ceanglais na gcaighdeán iniúchóireachta agus na reachtaíochta iomchuí.

Measann ÚMICÉ go mbeidh an treoir sin úsáideach d'iniúcháirí agus go gcuirfead feabhas ar chomhsheasmhacht agus soiléireacht chun tairbhe d'úsáideoirí ráiteas airgeadais léi freisin.

3. Tionchar COVID-19

I bhfianaise chineál a ghníomhaíochtaí, chothabháil an tAonad Caighdeán agus Beartais a shruth oibre substaintiúil d'ainneoin thús na paindéime. Mar sin féin, agus aitheantas á thabhairt do na dúshláin a bhí roimh roinnt páirtithe leasmhara chun déileáil leis an bpaindéim, choinnigh ÚMICÉ sprioc-amanna faoi athbhreithniú agus chuir sé síneadh leis na sprioc-amanna maidir le freagraí comhairliúcháin i gcás inar cuí sin. Ina theannta sin, cuireadh dáta éifeachtach beartaithe na nathbhreithnithe ar an gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí (Éire) agus CIlInna (Éire) siar ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Iúil 2021 mar fhreagra ar aiseolas a fuarthas maidir leis an gcomhairliúchán poiblí faoin timpeallacht oibre dhúshlánach do ghnólachtaí iniúcháireachta de dheasca COVID-19.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Forbairt CIlInna (Éire) agus treoir ghaolmhar Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh Scaipeadh dea-chleachtas	- Glacadh dhá cheann déag de Chaighdeáin Idirnáisiúnta athbhreithnithe maidir le hIniúcháireacht (Éire), Caighdeán Eiticiúil athbhreithnithe d'Iniúcháirí (Éire) agus Gluais Téarmaí athbhreithnithe - Eisíodh 'an Choimre de Thuarascálacha Léiritheacha an Iniúcháir' d'eintitis neamhliostaithe - Óstáladh trí chruinniú de chuid an Phainéil Chomhairligh Theicniúil le linn na bliana. Ina theannta sin, sholáthair dhá ghasra oibre tacaíocht maidir le forbairt treorach agus caighdeán - Rinneadh faireachán ar fhorbairtí i gcaighdeáin iniúcháireachta idirnáisiúnta agus i gcaighdeáin iniúcháireachta de chuid na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear trí fhreastal mar bhreathnóir ar chruinnithe de chuid Chomhairle Iniúcháireachta agus Dearbhaithe CTA agus páirt a ghlacadh i bhFoghrúpa Caighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta CCEFI
Éisteacht a fháil	- Eisíodh dhá chomhairliúchán a bhaineann le hathbhreithnithe ar an gcreat iniúcháireachta le linn na bliana. Sular eisíodh na comhairliúcháin, chuaigh ÚMICÉ i mbun plé leis an bPainéal Comhairleach Teicniúil agus, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí rialála eile - Glacadh páirt i bhFoghrúpa Caighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta CCEFI, lena n-áirítear glaonna comhdhála tréimhsiúla agus na cruinnithe bliantúla leis na boird socraithe caighdeán idirnáisiúnta (BICID agus BCEIC) - Rannchuidíodh le forbairt fhreagraí CCEFI ar chomhairliúcháin iniúcháireachta a d'eisigh BICID, BCEIC agus an Coimisiún Eorpach - Cuireadh freagra ÚMICÉ amháin faoi bhráid comhairliúcháin de chuid BICID agus dhá fhreagra faoi bhráid comhairliúcháin de chuid BCEIC

Caibidil 3

Maoirseacht ar Ghairm na
hIniúcháireachta agus na
Cuntasaíochta

Caibidil 3: Maoirseacht ar Ghairm na hIníúcháireachta agus na Cuntasaíochta



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta Rialála agus Faireacháin:

- maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann na CCFanna rialáil ar a gcomhaltaí, lena náirítear oibriú a bpróiseas imscrúdaithe agus araíonachta;
- formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann na CCanna na feidhmeanna seo a leanas i leith na ndaoine aonair agus na ngnóilachtaí atá formheasta acu chun gníomhú mar iniúcháirí reachtúla faoin Acht;
- formheas agus clárú;
- oideachas leanúnach;
- córais dearbhaithe cáilíochta; agus
- córais araíonachta imscrúdaitheacha agus riaracháin;
- comhar le AE agus contrapháirtithe idirnáisiúnta agus le húdaráis náisiúnta eile agus le húdaráis eile de chuid AE; agus
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair a bhaineann le gairm na cuntasaíochta

2. Forbairtí suntasacha

In 2020, chuaigh an tÚdarás i mbun plé leanúnach leis na páirtithe leasmhara iomchuí chun tuiscint a fháil ar thionchar Brexit ar na próisis reatha agus todhchaí de chuid na n-ocht CCFanna (féach Foscríbhinn 3 chun liosta de na CCFanna a fháil). Ós rud é go n-oibríonn roinnt CCFanna go fairsing in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon, tá méadú ag teacht ar thábhacht an cheanglais a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh idir an dá dhlínse.

Thug an tÚdarás faoi cheithre chuairt mhaoirseachta in 2020, dhá cheann a bhain le dearbhú cáilíochta, ceann amháin a bhain le nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta agus ceann amháin a bhain le ceadúnú (féach Foscríbhinn 3 chun liosta de na tuarascálacha a eisíodh a fháil). Ina theannta sin, d'athdhear an tÚdarás an cur chuige i leith na rialála ar na CCFanna, agus béim á leagan ar acmhainní a ailíniú leis na feidhmeanna reachtacha chun díriú ar an gcur chuige rialála is éifeachtúla.

Lean an tÚdarás freisin de bheith ag obair ar threoirlínte a fhorbairt ar roinnt ábhar, lena n-áirítear an t-oideachas leanúnach agus feidhmeanna imscrúdaithe agus araíonachta.

Treoirlínte ÚMICÉ

Lean an tÚdarás freisin den obair ar threoirlínte ÚMICÉ a fhorbairt le linn 2020. Faoin Acht, tá an chumhacht ag an Údarás treoirlínte a eisiúint do CCFanna, lena leagtar caighdeáin síos, dáiríre, faoin gcaoi a dhéanann na comhlachtaí na gníomhaíochtaí rialála a thagann laistigh de shainchúram feidhmeanna an Údaráis.

Tá na treoirlínte bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta laistigh de na réimsí iomchuí. Roimh an tabhairt chun críche, lorgaíonn an tÚdarás tuairimí na CCFanna agus breithníonn sé iad.

Tar éis dháta éifeachtach na dtreoirlínte, áirithíonn ÚMICÉ go bhfuil doiciméid bhunreachtúla na gcomhlachtaí i gcomhréir leis na treoirlínte agus déanann sé tástáil féachaint an bhfuil siad i gcomhréir leis na treoirlínte trí athbhreithnithe maoirseachta téamúla.

3. Tionchar COVID-19

Rinne an fhoireann Maoirseachta Rialála agus Faireacháin cruinnithe fisiciúla agus athbhreithnithe maoirseachta rialta ar CCFanna roimh COVID-19. Lean an ghníomhaíocht sin ar aghaidh gan bhriseadh trí na cruinnithe agus na hathbhreithnithe maoirseachta a aistriú chuig ardáin fhíorúla. Ghlac na CCFanna uile páirt ghníomhach san athrú sin agus, go deimhin, bhí buntáistí ag baint leis don dá thaobh.

Bhí tionchar suntasach ag COVID-19, agus tá go fóill, ar na CCFanna i roinnt réimsí. I ndáil le scrúduithe, bhí ar chomhlachtaí áirithe scrúduithe a chur ar ceal nó iad a chur siar in 2020, fad a rinneadh obair chun na scrúduithe a aistriú chuig córas ar líne. I ndáil le cigireachtaí dearbhaithe cáilíochta na CCanna, athraíodh an ghníomhaíocht sin go príomha chuig cigireachtaí cianda. Mar sin féin, bhí roinnt cásanna ann inarb amhlaidh nach ndearnadh cigireachtaí pleanáilte toisc nach raibh daoine aonair ar fónamh nó nach raibh siad in ann rochtain chianda a sholáthar. Ina theannta sin, i réimse na nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta, sna rialacha de chuid fhormhór na CCFanna rinneadh foráil maidir le cruinnithe/éisteachtaí fisiciúla mar chuid den phróiseas. Bhí roinnt CCFanna in ann athrú chuig córais ar líne, fad atá obair ar siúl i gcás CCFanna eile chun na leasuithe is gá a dhéanamh chun gur féidir déanamh amhlaidh.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Formhaoirseacht ar ghairm na cuntasaíochta	• Rinneadh ceithre athbhreithniú maoirseachta • Rinneadh athbhreithnithe faireacháin leanúnacha i ngach CCF • Formheasadh 48 doiciméad bunreachtúil
Tacú le comhlachtaí cuntasaíochta lena bhfreagrachtaí rialála a ghlacadh	• Chuathas i gcomhar rialta le gach CCF
Scaipeadh dea-chleachtas	• Forbraíodh treoirlínte maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach agus leis an bhfeidhm imscrúdaithe agus araíonachta agus chuathas i gcomhairle le chéile faoi sin • Eisíodh 'Próifíl na Gairme' chun sonraí staidrimh a sholáthar ar an ngairm
Éisteacht a fháil	• Chuathas i mbun plé le páirtithe leasmhara iomchuí i ndáil le Brexit
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	• Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige i leith maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na CCFanna

Caibidil 4

Maoirseacht ar Cháilíocht an
Tuairiscithe Airgeadais

Caibidil 4: Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta um Thuairisciú Airgeadais:

- scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla de chuid eintitis liostaithe áirithe agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair a bhraitear cásanna neamhchomhlíonta;
- comhoibriú le forfheidhmitheoirí cuntasáiochta de chuid AE;
- comhoibriú le forbairt caighdeán um thuairisciú airgeadais; agus
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair chuntasaíochta.

2. Forbairtí suntasacha

In 2020, rinne an tÚdarás scrúdú ar 47 tuarascáil airgeadais, arbh éard a bhí iontu 44 tuarascáil airgeadais bhliantúil agus trí tuarascáil airgeadais leathbhliantúla (féach Foscríbhinn 2). Sholáthair 21 eisitheoir 82 gealltanais don Údarás chun an tuairisciú a fheabhsú i dtréimhsí sa todhchaí. Maidir leis an réimse ba mhinice ina soláthraíodh gealltanais, bhain siad le bearta feidhmíochta malartacha – sin réimse arb é an toradh atá air go comhsheasmhach ná ardleibhéil saincheisteanna a bheith á nardú ar fud na hEorpa. Ar na réimsí eile arb é an toradh a bhí orthu ná gealltanais áirítear cuntasaíocht do léasanna, ionstraimí airgeadais, tomhas cóirluacha, ioncam agus laigí.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí athbhreithnithe téamacha i ndáil le cuntasaíocht do léasanna agus nochtadh deighleog oibriúcháin. Foilsíodh nóta faisnéise freisin faoi thionchar COVID19.

Chuaigh an tÚdarás i mbun roinnt mhaith pléití lena chontrapháirteanna Eorpacha, agus ghlac sé páirt i roinnt tascfhórsaí agus foghrúpaí atá bainteach le forfheidhmiú cuntasaíochta. Le linn 2020, bhí aird na ngrúpaí sin dírithe ar COVID-19 agus ar fhorbairtí a dhéanfar amach anseo sa tuairisciú corparáideach, lena n-áirítear an Fhormáid Leictreonach Aonair Eorpach agus an tuairisciú neamhairgeadais.

Tuairisciú ar thionchar COVID-19

Rinne an tÚdarás scrúdú deisce ar nochtuithe roinnt eisitheoirí i ndáil le COVID-19 sna tuarascálacha airgeadais leathbhliantúla 2020 dá gcuid. Foilsíodh breitheanna an scrúdaithe deisce sin i Nóta Faisnéise maidir le 'Tuairisciú ar Thionchar COVID-19'.

Tá tábhacht mhór leis na teachtaireachtaí atá sa Nota Faisnéise sin go fóill féin dóibh siúd ag a bhfuil ráitis airgeadais á n-ullmhú agus á bhformheas de réir mar a leanann an phaindéim ar aghaidh.

Thug an tÚdarás faoi deara gurbh ann do chásanna de thagairtí réamhshocraithe don phaindéim agus cásanna inar fhan eintitis ina dtost nó inar thug siad mínithe doiléire ar phríomhbhreithiúnais. Molann an tÚdarás go mór go seachnaíonn eintitis tagairtí réamhshocraithe agus go soláthraíonn siad go leor faisnéise a bhaineann go sonrach leis an eintiteas chun go bhféadfadh úsáideoirí tuiscint a fháil ar na breithiúnais a rinneadh sna ráitis airgeadais.

Mar chuid de na réimsí arbh fhiú grinnbhreathnú ar leith a dhéanamh orthu, áirítear caillteanais chreidmheasa ionchasacha (in eintitis chorparáideacha agus forais airgeadais araon), nochtadh cúnamh rialtais, mí-éifeachtacht fáilaithe, leachtacht agus tuarascálacha bainistíochta.

3. Tionchar COVID-19

Bhíodh an fhoireann Maoirseachta um Thuairisciú Airgeadais bunaithe in oifig ina raibh cumarsáid leictreonach i bhfeidhm den chuid is mó agus, dá bhrí sin, maidir leis an gceanglas a cuireadh ar fhostaithe oibriú ón mbaile, ba bheag an tionchar a bhí aige sin ar ghníomhaíochtaí.

Is iondúil go mbíonn roinnt cruinnithe fisiciúla in aghaidh na bliana i gceist leis an rannpháirtíocht idirnáisiúnta. Reáchtáladh na cruinnithe sin uile go fíorúil, cé go raibh na cláir ghnó níos gairide ná mar is gnách chun aitheantas a thabhairt do shrianta na n-ardán fíorúil. Díol suntais is ea é go raibh tairbhe ag baint leis an timpeallacht fhíorúil i gcás pléití teicniúla áirithe.

Tá tionchar mór fós ag COVID-19 ar roinnt eisitheoirí – tionchar dearfach agus diúltach araon. Mar a luadh sa chás-staidéar thuas, is é an príomhcheanglas atá ann go n-áiríteoidh eisitheoirí go dtugtar míniú maith ar mheastacháin agus breithiúnais i bhfianaise na neamhchinnteachtaí méadaithe atá roimh na heintitis uile i láthair na huaire.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Athbhreithniú ar an tuairisciú airgeadais	• Scrúdaíodh 44 tuarascáil bhliantúil • Scrúdaíodh trí thuarascáil leathbhliantúla
Tacú le hardchaighdeán sa tuairisciú airgeadais	• Glacadh páirt ghníomhach i bhfóraim Eorpacha, lena n-áirítear Coiste Stiúrtha an Tuairiscithe Chorporáidigh ('CSTC') agus roinnt foghrúpaí agus tascfhórsaí • Rannchuidíodh leis an bpróiseas socraithe caighdeán trí bhreathnóireacht a dhéanamh sa Chomhairle um Thuairisciú Corporáideach de chuid CTA
Scaipeadh dea-chleachtas	• Foilsíodh 10 gcinneadh maidir le tuairisciú airgeadais
Éisteacht a fháil	• Foilsíodh dhá thuarascáil théamacha agus Nóta Faisnéise • Rinneadh cuir i láthair do roinnt grúpaí páirtithe leasmhara gairme agus gnó
Ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú	• Rinneadh faireachán ar fhorbairtí i bhforfheidhmiú cuntasáíochta go domhanda agus breithníodh an tionchar ionchasach ar an gcóras scrúdaithe ar thuairisciú airgeadais de chuid ÚMICÉ

Caibidil 5

Maoirseacht ar Cháilíocht
Iniúcháireachta d'Iniúchtaí ELP

Caibidil 5: Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúcháireachta d'Iniúchtaí ELP



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Cáilíochta Iniúcháireachta:

- tabhairt faoi dhearbhu cáilíochta ar iniúchadh reachtúil ar eintitis leasa phoiblí;
- comhoibriú le comhlachtaí formhaoirseachta iniúcháireachta AE;
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair iniúcháireachta; agus
- dearbhu cáilíochta ar iniúcháirí tríú tír agus eintitis iniúcháireachta tríú tír a chlárú agus a dhéanamh.

2. Forbairtí suntasacha

Bhí ocht ngnólacht iniúcháireachta ELP in Éirinn in 2020 (2019: naoi cinn). Rinne ceithre cinn de na gnólachtaí sin iniúchadh ar 76% (2019: 80%) de na ELPanna in Éirinn, agus thuill siad thart ar 90% (2019: 94%) de na táillí iniúcháireachta ELP. Tá gnólacht iniúcháireachta amháin, a dhéanann iniúchadh ar ELP amháin, bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus, dá bhrí sin, rinne an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais ('CTA') athbhreithniú air in 2020.

Go luath in 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás na tuarascálacha ar an gcigireacht a rinneadh ar gach gnólacht in 2019. B'in an chéad uair a foilsíodh na tuarascálacha sin in Éirinn. Aithnítear foilsíú tuarascálacha cigireachta mar dhea-chleachtas go ginearálta i gcúrsaí rialála agus is é sin an aidhm atá ag a lán rialtóirí. Mar sin féin, tá Éire i measc na gcéad rialtóirí chun déanamh amhlaidh. Tagann an méid sin le rún sonraithe an Údaráis, is é sin, éisteacht a fháil agus dul i mbun nuálaíochta. Nochtadh i dtuarascálacha 2020 gur sannadh, i gcás 71% de na hiniúchtaí ar na ELPanna a ndearnadh cigireacht orthu, grád 2 nó níos airde dóibh, rud a léiríonn gur maith an caighdeán atá ag an gcáilíocht iniúcháireachta. I gcás 17% de na hiniúchtaí a ndearnadh cigireacht orthu agus ar sannadh grád 3 dóibh, tá saincheisteanna níos suntasaí ann. Maidir leis an 13% d'iniúchtaí a bhí fágtha agus ar sannadh grád 4 dóibh, bhí gá le feabhas suntasach. Bhí na hiniúchtaí uile ar tugadh grád 4 dóibh laistigh de ghnólacht iniúcháireachta amháin.

Le linn 2020, rinne an tÚdarás cigireacht ar ocht ngnólacht agus 25 iniúchadh (féach Foscúibhinn 4). Sna cigireachtaí, cumhdaíodh gnéithe de rialuithe ar fud an ghnólachta i gcás seacht gcinn de na gnólachtaí. I gcás gnólacht amháin, ní dhearnadh cigireacht ach amháin ar iniúchtaí ós rud é gur scoir an gnólacht de bheith ina iniúchóir ELP sa tréimhse. Meastar go bhfoilseofar torthaí na gcigireachtaí sin i mí an Mhárta 2021.

Tá ÚMICÉ den tuairim go bhfuil buntábhacht le comhoibriú le rialtóirí iniúcháireachta idirnáisiúnta chun go mbeidh rath air sin. Maidir le heintitis agus gnólachtaí laistigh de shainchúram ÚMICÉ, ós rud é gur minic a oibríonn siad laistigh de struchtúir dhomhanda, tá sé ríthábhachtach go gcomhoibreoidh rialtóirí go héifeachtach le heolas agus taithí a roinnt, agus go mbeidh siad comhsheasmhach más féidir. Leis na gníomhaíochtaí sin, rannchuidítear le haidhm na rialtóirí a bhaint amach is é sin go rannchuideoidh siad go héifeachtach agus go héifeachtúil le leanúint d'fheabhsuithe a dhéanamh i gcáilíocht iniúcháireachta. Glacann ÚMICÉ páirt ghníomhach in CCEFI agus FIRIN araon. Tá ionadaithe ag ÚMICÉ ar na foghrúpaí uile de chuid CCEFI mar aon le roinnt tascfhórsaí agus coláistí. Le linn 2020, chuaigh an Príomhfheidhmeannach isteach i ngrúpa comhairliúcháin CCERF, agus déanann an grúpa sin formhaoirseacht ar a riarachán. Tháinig deireadh le post ÚMICÉ mar Chathaoirleach ar an bhFoghrúpa Faireacháin Margaidh le linn 2020 agus athcheapadh an Cathaoirleach Éireannach go rathúil don dara téarma.

I gcomhréir le rún an Údaráis éisteacht a fháil, reáchtáladh imeacht coiste iniúcháireachta i mí Mheán Fómhair 2020. Reáchtáladh an t-imeacht go fíorúil agus bhí freastal maith air an lá sin agus sna taifeadtaí a cuireadh ar fáil go poiblí ina dhiaidh sin. Ba é rún an imeachta léargas a fháil ó iniúcháirí agus ó choistí iniúcháireachta faoin ról méadaitheach atá ag coiste iniúcháireachta faisnéis iontaofa, bhríoch a thabhairt ar aird d'infheisteoirí.

Tuarascálacha cigireachta poiblí

Sna tuarascálacha cigireachta a foilsíodh anuraidh leagadh amach torthaí chigireachtaí ÚMICÉ ar gach ceann de na gnólachtaí iniúcháireachta ELP. Sna tuarascálacha, tugtar mionsonraí ar na moltaí a eisíodh chun córais rialaithe cáilíochta na ngnólachtaí a fheabhsú chomh maith le hachóimre ar thorthaí na gcigireachtaí iniúcháireachta aonair.

Is é is cuspóir d'fhoilsíú na dtuarascálacha sin faisnéis a sholáthar don mhargadh faoi cháilíocht iniúchtaí sna gnólachtaí sin. I measc úsáideoirí beartaithe na dtuarascálacha poiblí áirítear coistí iniúcháireachta de chuid eintitis leasa phoiblí chomh maith leis na húsáideoirí uile de chuid ráitis airgeadais iniúchta.

San fhaisnéis atá sna tuarascálacha is féidir go dtabharfar faisnéis úsáideach do choistí iniúcháireachta chun cuidiú leo na hiniúcháirí reachtúla reatha de chuid a n-eintiteas a mheasúnú. Sna tuarascálacha sin áirítear faisnéis freisin a fhéadfaidh a bheith úsáideach agus gnólacht iniúcháireachta nua á cheapadh trí phróiseas tairisceana.

Leanfar de na tuarascálacha a fhoilsíú go bliantúil.

3. Tionchar COVID-19

Is iondúil go ndéanann an tAonad Cáilíochta Iniúcháireachta (ACI) cigireacht ar ghnólachtaí trí bheith i láthair go fisiciúil ina n-oifigí. Ó lár mhí an Mhárta 2020 i leith, ní raibh an méid sin indéanta. Rinneadh an ghníomhaíocht cigireachta mar a bhí beartaithe, áfach, agus cigirí ag obair go cianda. Chuaigh na gnólachtaí uile i mbun plé gníomhach le ÚMICÉ le teacht ar réitigh chun go mbeidh an fhaisnéis iomchuí inrochtana go cianda agus reáchtáladh cruinnithe mar is gnách agus úsáid á baint as uirlisí bogearraí físchomhrá éagsúla.

Ó thaobh rannpháirtíocht idirnáisiúnta de, lena mbaineann roinnt cruinnithe fisiciúla in aghaidh na bliana de ghnáth, reáchtáladh cuid mhaith de na cruinnithe sin go cianda, cé go raibh na cláir ghnó níos gairide ná mar is gnách i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhain le hamchriosanna a chomhordú agus aitheantas á thabhairt do shrianta na n-ardán fíorúil.

Bhí tionchar an-suntasach ag COVID-19 ar iniúcháirí, agus tá fós, ó thaobh a gcumais gnáththascanna iniúcháireachta a dhéanamh chomh maith leis na dúshláin nua a bhain leis sin. I roinnt cásanna, tá gnólachtaí iniúcháireachta ag tuairisciú go bhfuil sé sách éasca faisnéis a fháil agus plé a dhéanamh le cliaint iniúcháireachta, bíodh is go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun iniúchtaí a dhéanamh. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha ag eascairt le hábhair cosúil le comhaireamh an fhardail fhisiciúil, meastacháin chuntasaíochta agus gnóthas leantach. Go háirithe, tá meastacháin agus gnóthas leantach ag brath go mór ar réamhaisnéisí agus tá deacracht ar leith ag baint lena ndéanamh go háirithe sa timpeallacht reatha gan réamhshampla.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Cigireacht dhíreach ar iniúcháirí ELPanna	- Rinneadh cigireacht ar 8 ngnólacht - Rinneadh cigireacht ar 25 iniúchadh aonair
Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh	- Chuathas i gcomhar rialta le gach gnólacht iniúcháireachta ELP - Rinneadh cathaoirleacht ar Fhoghrúpa an Fhaireacháin Margaidh de chuid CCEFI - Glacadh páirt ghníomhach i ngach foghrúpa de chuid CCEFI agus i roinnt tascfhórsaí. Glacann ÚMICÉ páirt i gceannaireacht an fhoghrúpa cigireachta freisin, trína choiste eagraithe, agus seisiún iomlánach CCEFI, trína ghrúpa comhairliúcháin
Scaipeadh dea-chleachtas	Foilsíodh ocht dtuarascáil chigireachta
Éisteacht a fháil	- Foilsíodh dhá thuarascáil théamacha - Óstáladh coiste faisnéise iniúcháireachta am bricfeasta - Foilsíodh dhá alt in irisí gairmiúla
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	- Cuireadh an Mhodheolaíocht Choiteann maidir le Cigireacht Iniúcháireachta (MCCI) i ngníomh chun measúnú a dhéanamh ar na córais rialaithe cáilíochta inmheánaigh de chuid gnólachtaí iniúcháireachta ELP - Forbraíodh agus leanadh de shraith páipéir oibre a mhionchoigeartú chun cigireacht a dhéanamh ar iniúchtaí aonair, agus sonraíochtaí caighdeán iniúcháireachta ar leith á gcur san áireamh chomh maith le hábhair iomchuí a bhaineann leis an gcineál eintitis nó tionscail



Caibidil 6

Forfheidhmiú

Caibidil 6: Forfheidhmiú



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Feidhmiúcháin:

- imscrúduithe a dhéanamh ar mhírialtachtaí a bhfuil amhras fúthu i seoladh iniúchtaí ELP;
- fiosrúcháin a dhéanamh ar shárúithe nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta ag CCFanna, agus ar fheidhmíocht na CCAnna i leith iniúcháirí reachtúla; agus
- smachtbhannaí a riar mar obair leantach ar imscrúduithe rialála.

2. Forbairtí suntasacha

Ba í an bhliain 2020 an chéad bhliain a chuir ÚMICÉ na rialacháin nua i ngníomh chun fiosrúcháin alt 933 agus imscrúduithe alt 934 a dhéanamh. Leis na rialacháin nua sin, is féidir leis an Údarás cur chuige faoi stiúir na Feidhmeannachta a ghlacadh i leith an fhiosrúcháin tosaigh agus na céime imscrúdaithe, agus ba cheart go gcuirfeadh an méid sin feabhas ar éifeachtúlacht an phróisis forfheidhmiúcháin trí chéile. Le linn na bliana, tugadh comhaontú socraíochta amháin chun críche, an t-imscrúdú oscailte deiridh faoi na nósanna imeachta imscrúdaithe atá ann cheana de chuid an Údaráis. Mar chuid de ghnáthnós imeachta an Údaráis, tarchuireadh roinnt cásanna chuig an Aonad Forfheidhmiúcháin lena mbreithniú. Tá an chuid is mó díobh sin dúnta gan aon ghá a bheith ann imscrúdú foirmiúil a sheoladh. Le linn na bliana, sheol an tÚdarás fiosrúcháin amháin faoi alt 933 agus dhá imscrúdú faoi alt 934. Tá na trí cinn díobh uile oscailte i ndeireadh na bliana.

Ag tacú lena chur chuige nua i leith forfheidhmiú, d'eisigh an tÚdarás páipéar comhairliúcháin maidir le treoír smachtbhannaí freisin, agus lean sé de bheith ag forbairt a bpróiseas agus a nósanna imeachta inmheánacha chun tacú leis an mbeartas forfheidhmiúcháin nua.

Rannchuidigh Abhcóide Sinsearach Forfheidhmiúcháin an Údaráis le hobair CCEFI trína chomhaltas sa Ghrúpa Oibre Forfheidhmiúcháin.

Imscrúdú alt 934

Tagraíodh do dhá chás nasctha i gcoiste imscrúdaithe in 2020. Breithníodh na hábhair sin faoi na seanrialacháin inar mheas coiste réamh-imscrúdaithe (CRI) gurbh ann do chás *prima facie* (cás le freagairt) agus go raibh na cásanna le cur chuig coiste imscrúdaithe iomlán. Léirigh na páirtithe go raibh siad toilteanach comhaontú socraíochta a dhéanamh le ÚMICÉ.

Tríd an bpróiseas socraíochta sin, tugadh an deis don Údarás agus do na daoine sonraithe araon réiteach luath a fháil ar an ábhar. Baintear úsáid éifeachtúil as acmhainní an Údaráis a bhfuil le socraíocht luath agus soláthraítear réiteach tráthúil agus trédhearcacht trí fhoilsiú mhionsonraí an cháis. Sa chomhaontú socraíochta, cuireadh leas an phobail san áireamh lena n-áirítear cosaint an phobail, muinín an phobail a chothú i ngairm na hiniúcháireachta agus cloí le caighdeáin chuí.

D'admhaigh na páirtithe go ndearna siad roinnt sárúithe ar chaighdeán iniúcháireachta agus cuireadh smachtbhannaí orthu dá réir sin. Mar thoradh ar an gcomhaontú socraíochta, seachnaíodh costais bhreise eile agus ualach riaracháin imscrúdaithe shínte don Údarás agus don duine sonraithe araon.

Cuireadh fineáil €40,500 ar an ngnólacht i leith sárúithe ar chaighdeán iniúcháireachta. Cuireadh an comhpháirtí iniúcháireachta ar fionraí ó chleachtas iniúcháireachta ar feadh tréimhse bliana agus cuireadh fineáil €22,500 eile air ina theannta sin agus tugadh iomardú dian do chomhalta eile den fhoireann iniúcháireachta agus cuireadh fineáil €9,000 ar an duine sin. Comhaontaíodh ranníoc €50,000 i dtreo na gcostas.

3. Tionchar COVID-19

Bhí Aonad Forfheidhmiúcháin an Údaráis in ann a ghníomhaíochtaí a chothabháil go substaintiúil d'ainneoin thús na paindéime. Mar sin féin, i bhfianaise na ndúshlán a bhain le bheith ag déileáil le doiciméid nó le rochtain a fháil orthu, bhí na sprioc-amanna níos faide ná mar a bheifí ag súil leis de ghnáth agus cuireadh síneadh leis na sprioc-amanna i gcás inar chúil sin. Mar gheall ar thosú na nósanna imeachta Forfheidhmiúcháin nua, agus ar an laghdú sa cheanglas maidir le coistí, rannchuidíodh go suntasach le hacmhainn an Údaráis leanúint dá chuid oibre gan moill mhíchuí.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Imscrúdú agus Fiosrúchán	• Forbraíodh beartais agus cuireadh i ngníomh iad. Go háirithe, eisíodh treoir maidir le smachtbhannaí lena ceadú • Dréachtaíodh nósanna imeachta socraíochta agus cuireadh i ngníomh iad • Cuireadh imscrúduithe agus fiosrúcháin chun cinn • Baineadh torthaí cuí amach mar a léiríodh leis na comhaontuithe socraíochta • Foilsíodh torthaí i gcomhréir le beartais
Éisteacht a fháil	• Eisíodh comhairliúchán maidir le treoir i leith smachtbhannaí • Glacadh páirt i bhFoghrúpa Forfheidhmiúcháin CCEFI, lena náirítear glaonna comhdhála tréimhsiúla • Foilsíodh doiciméid forfheidhmiúcháin sholáimhsithe agus shothuigthe • Glacadh páirt i gcruinnithe comhchéime de chuid páirtithe leasmhara

Caibidil 7

Airgeadas agus Riarachán

Caibidil 7: Airgeadas agus Riarachán



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Airgeadais agus Riaracháin:

- tacaíocht seirbhísí corparáideacha a sholáthar do ÚMICÉ, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, TFC agus bainistithe saoráidí;
- rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do chuid dá choistí;
- formhaoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistithe riosca do ÚMICÉ; agus
- seirbhísí dlí inmheánacha a sholáthar, lena n-áirítear comhairle oibríochtúil ó lá go lá agus na feidhmeanna uile a bhaineann le RGCS.

2. Forbairtí suntasacha

Bhain an t-aonad a sprioc-amanna reachtúla amach le linn 2020 d'ainneoin thionchar na paindéime. Mar chuid de sin, áiríodh ráitis airgeadais reachtúla ÚMICÉ agus torthaí cuideachta, agus ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Áirítear mionsonraí breise ina leith in áit eile sa tuarascáil seo, go háirithe sa chuid Rialachais agus Struchtúir.

Bhí dúshlán mhóra ag baint leis an aistriú chuig an gcianobair don aonad, go háirithe i réimsí TFC agus rialuithe airgeadais. Mar gheall ar an infheistíocht stuama a rinneadh le blianta beaga anuas mar aon le cur chuige pragmatach agus solúbtha, bhí an t-aonad in ann aistriú rianúil chuig an gcianobair a éascú don fhoireann uile ó thaobh TFC de. Chuir an t-aonad a nósanna imeachta rialaithe airgeadais in oiriúint chun próiseas íocaíochtaí atá iomlán ar líne a sholáthar i gcomhair na níocaíochtaí uile, agus timpeallacht rialaithe láidir á cothabháil san am céanna.

Cuireadh soláthar seirbhísí dlí le freagrachtaí an aonaid in 2020. I dteannta comhairle laethúil, thacaigh an t-aonad le forbairt a dhéanamh ar bheartais a eascraíonn as gníomhaíochtaí cigireachta cianda, agus orthu sin a eascraíonn as Brexit. Rinne an t-aonad cuid mhór oibre ar bheartais agus nósanna imeachta ó thaobh cosaint sonraí de. Rinne sé athbhreithniú ar roinnt beartais bhoird freisin, amhail coinbhleacht leasa, bronnánais agus fáilteachas, comhdhéanamh an choiste agus clár ionductaithe do stiúrthóirí agus comhaltaí CIR.

3. Tionchar COVID-19

Rinneadh cuid mhór oibre lena áirithiú go bhféadfadh an fhoireann uile oibriú go cianda le linn na paindéime. Ina theannta sin, d'áirithigh an t-aonad go raibh a oifigí slán agus ullmhaithe go cuí chun gur féidir rochtain a fháil orthu chun críoch riachtanach le linn tréimhsí dianghlasála ar leibhéal 3 nó faoina bhun. Gníomhaíonn an Fheidhmeannacht TFC agus Saoráidí, cuid den aonad, mar Ionadaí Oibrí Ceannais COVID-19.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Scaipeadh dea-chleachtas	- D'fhormheas an bord an Tuarascáil Bhliantúil Reachtúil agus Tuarascálacha AAPA - Cuireadh tuarascálacha faoi shainordú ar fáil don Aire faoi spriocamanna reachtúla
Úsáid éifeachtúil ár n-acmhainní airgeadais a áirithiú	- Ghlac an bord an Clár Caiteachais (an buiséad) agus d'fhormheas an tAire é - Bhí toradh rathúil ar athbhreithniú iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar chórais rialaithe inmheánaigh - Rinneadh oiriúnú suntasach ar nósanna imeachta airgeadais chun rialú airgeadais láidir sa chóras gan pháipéar, cianbhainistithe a chothabháil - Forbraíodh plean iniúchóireachta inmheánaí trí bliana, formheasta ag CIR
Éisteacht a fháil	- Gníomhaíodh mar an príomhphointe teagmhála le hiriseoirí agus le hionadaithe poiblí - Leanadh den chaidreamh láidir agus éifeachtach le haonad idirchaidrimh na Roinne
Próisis a fhorbairt/a fheabhsú	- Rinneadh cothabháil agus infheistíocht leanúnach ar bhonneagar TFC, rud a d'fhág gurbh fhéidir aistriú rianúil a dhéanamh chuig mionsamhail oibríoch chianda - Rinneadh athbhreithniú ar na próisis agus an doiciméadacht uile de chuid RGCS, agus tugadh cothrom le dáta iad i gcás inar cuí sin freisin - Soláthraíodh tacaíocht chomhairleach dlí inmheánach i dtaca le cigireacht chianda agus saincheistanna a bhaineann le Brexit
Nuálaíocht	- Cuireadh córas gan pháipéar i ngníomh le haghaidh éilimh chostais na foirne - Rinneadh oiriúnú suntasach ar phróisis íocaíochta de dheasca COVID-19

Caibidil 8

Forbairt Eagraíochtúil



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an aonaid forbartha eagraíochtúla:

- cultúr tacúil a fhorbairt le haghaidh na nuálaíochta in ÚMICÉ;
- feabhas a chur le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, trí úsáid a bhaint as meáin iomchuí; agus
- tacú le coistí fhoireann ÚMICÉ chun go gcuirfear smaointe i ngníomh.

2. Forbairtí suntasacha

I mí na Nollag 2019, shínigh ÚMICÉ an Dearbhú maidir le Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí. Go bunúsach, ciallaíonn sin gur gheall ÚMICÉ go dtógfadh sé cultúr nuálaíochta san eagraíocht. I gcomhthráth leis sin, ghlac an fhoireann páirt i haiceatón nuálaíochta chun smaointe nuálaíochta a ghiniúint. Chun beart a dhéanamh de réir a bhriathair i dtaobh an ghealltanais sin agus na smaointe a moladh, in 2020 bhunaigh ÚMICÉ an t-aonad forbartha eagraíochtúla. Is é an príomhchuspóir atá aige cultúr tacúil a fhorbairt don chlár oibre nuálaíochta, agus dlús a chur leis sin.

Cuireadh réimse tionscnaimh haiceatóin chun cinn i gcaitheamh na bliana, i dteannta na saincheiste maidir le nuachtlitir nuálaíochta ráithiúil don fhoireann agus oiliúint foirne iomchuí a sholáthar. Mar chuid de na gníomhaíochtaí eile, áirítear inlíon foirne a fhorbairt le hinneachar úsáideach ar uirlisí agus teicnící nuálacha, láithreach meáin shóisialta ÚMICÉ a bhunú ar LinkedIn agus feidhm tacaíochta acmhainní daonna sheachtrach a bhunú, plean oibre acmhainní daonna a fhorbairt agus roinnt tionscnaimh acmhainní daonna a thionscnamh.

Seachtain nuálaíocht na seirbhíse poiblí

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'óstáil an tseirbhís phoiblí an dara 'seachtain nuálaíocht na seirbhíse poiblí' dá cuid. Sa tseachtain sin, iarrtar ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí aird a tharraingt ar an nuálaíocht ina n-áit oibre féin. D'fhorbair foireann nuálaíocht na seirbhíse poiblí clár imeachtaí ar líne le linn na seachtaine sin freisin.

Le linn na seachtaine nuálaíochta, ghlac fostaithe ÚMICÉ páirt i gceardlanna oiliúna maidir leis an ábhar 'rialáil bunchúise'. Bhí sé mar aidhm ag na ceardlanna sin feachtas ar scileanna nuálaíochta agus cuir chuige san obair laethúil a mhéadú agus réitigh ar phríomh-shaincheisteanna a fhorbairt.

D'fhoilsigh an tÚdarás freisin leathanaigh ghréasáin dírithe ar an nuálaíocht chun breis faisnéise a sholáthar faoi uirlisí fadhbraitigh agus teicnící fadhbraitigh, chruthaigh sé tráth na gceist, agus an nuálaíocht mar théama aige, agus chuir sé chun cinn an clár imeachtaí a d'eagraigh foireann nuálaíocht na seirbhíse poiblí de chuid na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. D'fhreastail foireann ÚMICÉ ar roinnt de na seimineáir ghréasáin sin.

3. Tionchar COVID-19

Ó mhí an Mhárta 2020 i leith, tá an fhoireann uile de chuid ÚMICÉ ag obair ón mbaile. Fágann sin gur cuireadh na tionscadail uile i gcrích trí chomhoibriú fíorúil. Úsáideadh físchomhdháil chun oibriú le chéile ó lá go lá agus tugadh isteach uirlis líonraithe shóisialta freisin chun ár n-idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla a spreagadh agus a chothabháil. Cuireann foireann folláine ÚMICÉ béim ar bheith ag fanacht nasctha le chéile agus ar thosaíocht a thabhairt d'fholláine fostaí. Rinne sé suirbhé ar an bhfoireann chun measúnú a dhéanamh ar a riachtanais agus sholáthair sé rochtain ar acmhainní folláine agus tacaíocht, ar bhonn inmheánach agus seachtrach araon. Bhí roinnt tionscadail nuálaíochta, lena n-áirítear go háirithe inlíon foirne a fhorbairt, lárnach freisin chun tionchair chumarsáide agus cheangail na paindéime a mhaolú.

4. Gníomhaíochtaí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Sraitéisí an phlean gnó	Torthaí
Éisteacht a fháil	• Forbraíodh beartas maidir le Béarla gairmiúil simplí a úsáid le haghaidh cumarsáidí i scríbhinn • Rinneadh athbhreithniú ar theimpléid bhrandála agus ar an treoir stíle • Soláthraíodh oiliúint don fhoireann ar scríbhneoireacht tuarascálacha éifeachtach • Bunaíodh láithreacht ÚMICÉ ar LinkedIn
Ar bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	• Forbraíodh plan oibre acmhainní daonna agus tionscnaíodh réimse tionscadail acmhainní daonna • Soláthraíodh oiliúint don fhoireann ar raon réimsí ar fud na heagraíochta lena n-áirítear sainmhíniú fadhbanna agus fadhbréiteach, scríbhneoireacht tuarascálacha, agus bainistiú daoine • Tugadh inlíon foirne agus líonra sóisialta ar líne isteach
Nuálaíocht	• Foilsíodh nuachtlitir nuálaíochta ráithiúil • Forbraíodh leathanaigh ghréasáin nuálaíochta don inlíon i dteannta uirlisí agus teicnící chun tacú leis an nuálaíocht san eagraíocht • Tacaíodh le raon tionscnaimh coiste foirne maidir le cúrsaí folláine, foghlama agus forbartha agus leis an gclár oibre glas • Reáchtáladh ceardlann ráibe nuálaíochta ar an téama 'rialáil bunchúise' • Glacadh páirt sna himeachtaí ar líne de chuid líonra nuálaíocht na seirbhíse poiblí